

COMHAIRLE CONTAE LÚ AGUS COMHAIRLE CONTAE NA MÍ



COMHAIRLIÚCHÁN FAOI ALT 20 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ)

ULLMHÚ COMHPLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL DO DHROICHEAD ÁTHA

Tugtar fógra leis seo, de réir Alt 20(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Lú Comhairle Contae na Mí dul i gcomhairle sula n-ullmhaítear Comhplean Ceantair Áitiúil do Dhroichead Átha.

Bígí páirteach sa chomhrá agus 'Bíodh do Dheis Labhartha Agat' chun forbairt Dhroichead Átha amach anseo a mhúnlú!

Chun rannpháirtíocht sa phróiseas seo a spreagadh, d'ullmhaigh Comhairle Contae Lú agus Comhairle Contae na Mí **Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta**, atá ar fáil le hiniúchadh/íoslódáil ag na láithreacha seo a leanas, ó **Dé Céadaoin 31^ú Eanáir 2024 go dtí Dé hAoine 15^ú Márta 2024 (san áireamh):**

Ar Líne - Comhthairseach Comhairliúcháin <https://consult.drogheda.ie>

Suíomhanna gréasáin: www.louthcoco.ie agus/nó www.meathcoco.ie

Deasca Seirbhíse do Chustaiméirí ag Oifigí na Comhairle (le linn gnáthuaireanta oscailte):

Comhairle Chontae Lú	Comhairle Chontae na Mí
<ul style="list-style-type: none">Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Bóthar San Alphonsus, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 KFW6Oifigí Cathartha, Sráid an Aonaigh, Droichead Átha, Co. Lú, A92 P440Halla an Bhaile, Sráid Crowe, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 W20CIonad Seirbhísí Cathartha Lú Láir, Faiche an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú A92 RYT2	<ul style="list-style-type: none">Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí C15 Y291Ceantar bardasach na hInse/Bhaile an Bhiataigh, An Phríomhshráid, Damhliag, A92 R9KW

Leabharlanna

- Contae Lú: Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire
- Contae na Mí: Leabharlann Dhamhliag, An Phríomhshráid, Damhliag, A92 R9KW
Seiceáil i do leabharlann áitiúil d'uaireanta oscailte.

Éascóidh baill foirne ó Chomhairlí Contae Lú agus na Mí seisiúin eolais poiblí buail isteach, mar a leanas:

Seisiúin Buail Isteach Comhairliúcháin	Dáta(i)	Am
Leabharlann Dhroichead Átha, Sráid Thobar an Stoic, An Mhónaidh Mhór, Droichead Átha, Co. Lú A92 PY20	Déardaoin 08 ^ú Feabhra, 2024	4:30pm-7:45pm
	Dé Máirt 13 ^ú Feabhra, 2024	4:30pm-7:45pm

Tugtar cuireadh do bhail an phobail aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh maidir leis an bPáipéar Réamhdhréachta seo le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí, ó **Dé Céadaoin 31^ú Eanáir 2024 go dtí Dé hAoine 15^ú Márta 2024 (san áireamh).**

Tugtar cuireadh do dhaoine aonair, do ghrúpaí, d'eagraíochtaí nó d'ionadaithe, chomh maith le leanaí, nó grúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht ar leasanna leanaí, páirt a ghlacadh i múnú an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil nua.

Déan d'aighneacht **trí mheán amháin** mar a leanas:

• **Ar líne** trí chlárú ar <https://consult.drogheda.ie/> nó

• **I scríbhinn** marcáilte **“Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta Comhphlean Ceantair Áitiúil Dhroichead Átha”** chuig:

Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Lú, Halla an Bhaile, Sráid Crowe, Dún Dealgan, Co. Lú A91 W20C; nó

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Rannóg Pleanála, Comhairle Contae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Eamhain Mhacha, Co. na Mí C15 Y291

Ba cheart d'ainm agus do sheoladh teagmhála a bheith san áireamh sna haighneachtaí go léir (ar bhileog ar leith), agus, nuair is cuí, sonraí aon eagraíochta, grúpa pobail nó cuideachta srl. a ndéanann tú ionadaíocht dóibh.

Tabhair faoi deara le do thoil **nach féidir** aighneachtaí déanacha nó seolta trí ríomhphost a mheas agus cuirfear ar ais iad.

Tabhair do d'aire go gcuirfear gach aighneacht ar fáil don phobal le breathnú air ar shuíomh Gréasáin comhairliúcháin na Comhairle. Coinneoidh Comhairlí Contae Lú agus na Mí gach sonraí pearsanta a thabharfaidh tú faoi rún. Ní choinneoimid do shonraí ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun an Comhplean Ceantair Áitiúil a ullmhú agus de réir Bheartas Coinneála Chomhairle Contae Lú agus Chomhairle Contae na Mí agus na reachtaíochta ábhartha um Chosaint Sonraí.

Eamonn Woulfe
A/Stiúrthóir Seirbhísí
Comhairle Chontae Lú

Des Foley
Stiúrthóir Seirbhísí
Comhairle Chontae na Mí